# DÁIL ÉIREANN

*Déardaoin*, 31 *Márta*, 2011
*Thursday*, 31*st March*, 2011

---

RIAR NA hOIBRE
ORDER PAPER

*Déardaoin*, 31 *Márta*, 2011
*Thursday*, 31*st March*, 2011

10.30 a.m.

---

**ORD GNÓ**
**ORDER OF BUSINESS**

**6*b*.** Leas-Cheann Comhairle a thoghadh.
Election of Leas-Cheann Comhairle.

**6*c*.** Tairiscint Tairiscint *maidir le* hIompar Comhalta.
Motion *re* Conduct of Member.

**7.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil leis an Ordú um an Acht Airgeadais, 2004 (Alt 91) (Géilleadh don Phríomh-Chiste a Iarchur), 2011.
Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of the Finance Act 2004 (Section 91) (Deferred Surrender to the Central Fund) Order 2011.

**8.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar dhlínse agus ar aithint agus ar fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (Athmhúnlú).
Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann for a Regulation of the European Parliament and of the Council on jurisdiction and the recognition and enforcement of judgments in civil and commercial matters (Recast).

**1.** An Bille um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) 2010 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Communications Regulation (Postal Services) Bill 2010 [*Seanad*] — Second Stage.

**11.** Ráitis i ndáil le "Coistí a chur ag obair sa 31ú Dáil".
Statements in relation to "Making Committees work in the 31st Dáil".

**11*a*.** Ráitis maidir le hAthchaipitliú agus Athstruchtúrú na mBanc.
Statements on Banks Recapitalisation and Restructuring.

P.T.O.

## I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ
## AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS

*Billí ón Seanad : Bills from the Seanad*

**1.** An Bille um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) 2010 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Communications Regulation (Postal Services) Bill 2010 [*Seanad*] — Second Stage.

---

*Fógraí Tairisceana : Notices of Motions*

**6*b*.** Leas-Cheann Comhairle a thoghadh:
Election of Leas-Cheann Comhairle:

*Tairiscint:*
*Motion:*

*1.* "Go dtoghfar an Teachta Micheál P. Ó Ceit mar Leas-Cheann Comhairle.

That Deputy Michael P. Kitt be elected Leas-Cheann Comhairle."

*—An Taoiseach.*

---

**6*c*.** "Maidir le Dáil Éireann:

— go dtugann sí dá haire an Tuarascáil Deiridh ó Bhinse Moriarty;

— go gcreideann sí go raibh iompar an Teachta Micheál Ó Labhraí, mar atá leagtha amach sa tuarascáil ón mBinse, go hiomlán doghlactha ar thaobh comhalta den Teach; agus

— go n-iarrann sí ar an Teachta Ó Labhraí éirí as a chomhaltas de Dháil Éireann ar bhonn deonach.

That Dáil Éireann:

— notes the Final Report of the Moriarty Tribunal;

— believes that the conduct of Deputy Michael Lowry set out in the Tribunal's report was completely unacceptable for a member of the House; and

— calls on Deputy Lowry to voluntarily resign his membership of Dáil Éireann."

*—An Taoiseach, an Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha, Micheál Martin, Gerry Adams, Joe Higgins.*

---

**7.** "Go gceadaíonn Dáil Éireann an tOrdú seo a leanas ina dhréacht:

An tOrdú um an Acht Airgeadais, 2004 (Alt 91) (Géilleadh don Phríomh-Chiste a Iarchur), 2011,

ar leagadh cóipeanna de ina dhréacht faoi bhráid Dháil Éireann, an 28 Márta 2011.

That Dáil Éireann approves the following Order in draft:

Finance Act 2004 (Section 91) (Deferred Surrender to the Central Fund) Order 2011,

copies of which have been laid in draft form before Dáil Éireann on 28th March, 2011."

*—An tAire Airgeadais.*

---

**8.** "Go gceadaíonn Dáil Éireann an Stát d'fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha faoi Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a bheith páirteach i nglacadh agus i bhfeidhmiú an bhirt bheartaithe seo a leanas:

Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar dhlínse agus ar aithint agus ar fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (Athmhúnlú),

ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 10 Eanáir, 2011.

That Dáil Éireann approves the exercise by the State of the option or discretion under Protocol No. 21 on the position of the United Kingdom and Ireland in respect of the area of freedom, security and justice annexed to the Treaty on European Union and to the Treaty on the Functioning of the European Union, to take part in the adoption and application of the following proposed measure:

Proposal for a Regulation of the European Parliament and of the Council on jurisdiction and the recognition and enforcement of judgments in civil and commercial matters (Recast),

a copy of which was laid before Dáil Éireann on 10th January, 2011."

*—An tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí.*

---

## ORDUITHE AN LAE
## ORDERS OF THE DAY

**11.** Ráitis i ndáil le "Coistí a chur ag obair sa 31ú Dáil".
Statements in relation to "Making Committees work in the 31st Dáil".

---

**11*a*.** Ráitis maidir le hAthchaipitliú agus Athstruchtúrú na mBanc.
Statements on Banks Recapitalisation and Restructuring.

---

## SCRÍBHINNÍ A LEAGADH FAOI BHRÁID NA DÁLA
## DOCUMENTS LAID BEFORE THE DÁIL

*Reachtúil:*

1) Bord Fiontar Cathrach Phort Láirge Teoranta. Tuarascáil Stiúrthóirí agus Cuntais Airgeadais, 2009.

2) Bord Fiontar Contae Mhaigh Eo. Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Airgeadais, 2009.

3) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Critéir Íonachta maidir le Breiseáin Bia seachas Dathanna agus Milsitheoirí) (Leasú), 2011 (I.R. Uimh. 128 de 2011).

*Statutory:*

1) Waterford City Enterprise Board Limited. Directors Report and Financial Statements, 2009.

2) Mayo County Enterprise Board. Annual Report and Financial Statements, 2009.

3) European Communities (Purity Criteria on Food Additives other than Colours and Sweeteners) (Amendment) Regulations 2011 (S.I. No. 128 of 2011).

4) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tuaslagóirí Eastósctha a úsáidtear le linn Earraí Bia agus Comhábhair Bia a Tháirgeadh) (Leasú), 2011 (I.R. Uimh. 129 de 2011).

4) European Communities (Extraction Solvents used in the Production of Foodstuffs and Food Ingredients) (Amendment) Regulations 2011 (S.I. No. 129 of 2011).

5) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Trádáil Astuithe Gáis Cheaptha Teasa) (Leasú), 2011 (I.R. Uimh. 127 de 2011).

5) European Communities (Greenhouse Gas Emissions Trading) (Amendment) Regulations 2011 (S.I. No. 127 of 2011).

6) Tuarascáil do Dháil Éireann ag an Uasal Alan Shatter, T.D., Aire Cosanta i ndáil le Seirbhís ag Óglaigh na hÉireann leis na Náisiúin Aontaithe in 2010.

6) Report to Dáil Éireann by Mr. Alan Shatter, T.D., Minister for Defence regarding Service by the Defence Forces with the United Nations in 2010.

7) Na Rialacháin um Ghairmithe Sláinte (Íocaíochtaí le Fiaclóirí Cláraithe a Laghdú), 2011 (I.R. Uimh. 135 de 2011).

7) Health Professionals (Reduction of Payments to Registered Dentists) Regulations 2011 (S.I. No. 135 of 2011).

8) Na Rialacháin um Measúnacht ar Thithíocht Shóisialta (Leasú), 2011 (I.R. Uimh. 136 de 2011).

8) Social Housing Assessment (Amendment) Regulations 2011 (S.I. No. 136 of 2011).

*Neamhreachtúil:*

*Non-Statutory:*

1) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Breiseáin, Dathanna agus Milsitheoirí in Earraí Bia) (Leasú), 2011 (I.R. Uimh. 130 de 2011).

1) European Communities (Additives, Colours and Sweeteners in Foodstuffs) (Amendment) Regulations 2011 (S.I. No. 130 of 2011).

2) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialuithe Oifigiúla ar Allmhairiú Bia nach de Bhunadh Ainmhíoch) (Leasú), 2011 (I.R. Uimh. 131 de 2011).

2) European Communities (Official Controls on the Import of Food of Non-Animal Origin) (Amendment) Regulations 2011 (S.I. No. 131 of 2011).

3) Tithe an Oireachtais. An Conradh ar an Aontas Eorpach: Doiciméid a fuarthas de bhun an Phrótacail maidir le ról Parlaimintí Náisiúnta san Aontas Eorpach. 21 go 25 Márta, 2011.

3) Houses of the Oireachtas. Treaty on European Union: Documents received pursuant to Protocol on the role of National Parliaments in the European Union. 21 to 25 March, 2011.